

5.ÉIRE An Pholaitíocht agus an tSochaí i dTuaisceart Éireann | Freagra samplach

Conas a bhris “na Trioblóidí” amach i 1969 agus cén fáth ar mhair siad chomh fada sin? (2018)

Bhris na Trioblóidí amach i 1969, ar bhealach a bhí beagnach dostoptha. Baineann bunús na coimhlinte seo, a mhair blianta fada, le castachtaí stair Thuaisceart Éireann, agus na cultúir agus féiniúlachtaí éagsúla atá sa réigiún. Faoi dheireadh, tháinig coimhlint fhoréigineach mar thoradh ar aidhmeanna contrártha na bpobal Náisiúnach agus Aontachtach éagsúil agus a ngearáin gan réiteach. Tugadh na Trioblóidí ar an gcoimhlint seo. Is féidir a rá nach mbrisfí na Trioblóidí amach dá mbeadh comhionannas ann do gach saoránach sa réigiún, beag beann ar chreideamh agus cultúr an duine. Mar sin féin, tharla na Trioblóidí ag an am seo agus lean siad ar aghaidh go dtí na 1990idí. Scrúdóidh an aiste seo conas a thosaigh an choimhlint agus an fáth ar mhair sí chomh fada, ó nádúr cómhalartach (cómhálartach = dhá bhealach) an fhoréigin go dtí na teipeanna polaitiúla a chiallaigh nach bhfuarthas aon réiteach go gasta.

Bhí daoine cráite ag éagothroime sa tsochaí maidir le fostaíocht, tithíocht, cearta vótála, oideachas agus gnéithe eile den saol cathartha, agus bunaíodh Cumann Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann (NICRA) chun an éagothroime seo a shárú. Spreag a ngníomhartha síochánta freagra corraitheach ó dhaoine nár aontaigh leo - Dílseoirí agus Constáblacht Ríoga Uladh, mar shampla. Cuireadh tús leis na Trioblóidí le scannal tithíochta i 1968 inar dhiúltaigh an chomhairle áitiúil áit chónaithe a thabhairt do dhá theaghlach Chaitliceacha i gCionn Aird, Co. Thír Eoghain. Roghnaigh an chomhairle an áit a thabhairt do bhean Phrotastúnach neamhphósta a bhí 19 mbliana d’aois, Rinne an MP áitiúil Austin Currie suiteoireacht (squat) sa teach nuair nach raibh Cnoc an Anfa (Stormont) sásta déileáil leis an gcás ar bhonn sásúil, dar leis. Ar an 24 Lúnasa, tharla an chéad mhórshiúl ar chearta sibhialta i nDún Geanainn, in aice le Cionn Aird le 2,500 agóideoir. Bhí 1,500 ann ag cur i gcoinne na n-agóideoirí.

Tháinig cor cinniúnach eile ansin i mí Dheireadh Fómhair 1968 nuair a léirigh ceamaraí teilifíse

brúidiúlacht na bpóilíní le hagóideoirí le linn mórshiúl eile i nDoire ar 5 Deireadh Fómhair. Ghortaigh na póilíní Gerry Fitt, Eddie McAteer agus Austin Currie, triúr Teachtaí Parlaiminte. Tharla eachtra loiscneach eile, eachtra Dhroichead Bhun Tolaide (Burntollet) ar Eanáir 4, 1969. Bhí na gníomhaithe ceart mór le rá Bernadette Devlin agus Michael Farrellann de réir mar a tháinig na hagóideoirí faoi ionsaí ag Dílseoirí, agus an RUC ina seasamh agus ag faire ar gach rud a tharla. I samhradh na bliana 1969, tháinig méadú ar léirsithe NICRA mar fhreagairt ar mhórshiúlta an Oird Oráistigh. Rinne dronganna Dílseacha sléachtanna ar phobail Caitliceach, le ceadú tostach ón RUC agus ó na B-Specials. Thug Cath Thaobh an Bhogaigh i mí Lúnasa i nDoire, chomh maith leis an gcíreib agus anord a lean sna seachtainí ina dhiaidh sin, cruthúnas do Náisiúnaithe Dhoire go mbeadh cosaint ag teastáil uathu chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean na nDílseoirí agus ionsaitheacht na bpóilíní.

Toradh ar an neamhord seo ar fad ba ea athbheochan na gluaiseachta Poblachtaí - príomhghné sa chúis gur mhair na Trioblóidí mar a rinne sí; agus ba é seo an comhthéacs seo inar rugadh an tIRA Sealadach i mí na Nollag 1969. D'éiligh an pobal Caitliceach cosaint óna naimhde anois agus mar sin níorbh fhada gur ghlac an tIRA ról lárnach sna Trioblóidí, ag breathnú orthu féin mar chosantóirí na Náisiúnaithe. Cé gur chuir formhór na gCaitliceach fáilte roimh Arm na Breataine nuair a tháinig siad i mí Lúnasa 1969, agus go bhfacthas dóibh mar fhórsa cosanta, níorbh fhada go raibh an tArm ina namhaid ag na Náisiúnaithe. Déanta na fírinne, d'úsáid an tIRA láithreach thrúpaí na Breataine agus "cur isteach" na Breataine ar ghnóthaí na hÉireann mar chúiseanna a thug údar lena ghníomhartha foréigin. Faoi 1971 bhí os cionn 1,000 ball ag an IRA i mBéal Feirste amháin. Mar an gcéanna, tháinig fás ar líon na ndaoine i ngrúpaí paraimíleata ar thaobh na nDílseoirí. Bhí grúpaí dílseoirí mar Óglaigh Uladh ag bailiú arm agus bhí an bhallraíocht ag fás. Bhí na codanna éagsúla ann chun go mairfeadh an choimhlint.

Spreag an foréigean níos mó foréigin le linn na tréimhse seo i dTuaisceart Éireann. Is cóir a mhaíomh go raibh nádúr 'cion sa chion' (tit-for-tat) na sceimhle a ghlac an réigiún ó 1969 ar aghaidh ar cheann de na cúiseanna ar mhair na Trioblóidí chomh fada. Cabhraíonn roinnt eachtraí leis an gcineál foréigin "leanúnach" seo a léiriú. Idir Aibreán agus Meitheamh 1972 rinne an tIRA 134 buamáil thromchúiseach. Dá bharr sin, cheadaigh Brian Faulkner d'Arm na Breataine sa Tuaisceart "lámhach agus maraigh" ("shoot with effect"). Thug Faulkner imtheorannú isteach agus níor éirigh le haidhm an imtheorannaithe, ach tharla a mhalairt agus tháinig fás ar bhallraíocht san IRA. Tharla príomhócáid ar an 30 Eanáir 1972 inar mharaigh saighdiúirí na Breataine 14 duine, Domhnach na Fola. Scríobh Gerry Adams faoin ócáid ina chuimhní cinn, mar

thoradh ar Dhomhnach na Fola gur “tháinig airgead, gunnaí agus earcaigh isteach san IRA” (“money, guns and recruits flowed into the IRA”). Cé gur tháinig laghdú ar an bhforéigean a bhuí le cur chuige an Rúnaí Stáit Roy Mason i leith na slándála - i 1977 laghdaigh líon na mbásanna sibhialta go 55 - chinntigh tuilleadh gníomhartha ó pharaimíleataigh nach gearr go mbeadh deireadh leis na Trioblóidí. Idir 1985 agus 1988, mharaigh an UVF agus an UDA 67 sibhialtach in ionsaithe. Rinne an tIRA buamáil uafásach in Inis Ceithleann ar an 11 Samhain 1987. Maraíodh 11 agus gortaíodh 60. Is cosúil gur spreag foréigean ar thaobh amháin foréigean ag an taobh eile, agus fiú go luath sna 1990idí ní raibh deireadh fós leis an gcoimhlint. Go luath i 1992 chuir an IRA buama ag crosbhóthar an Taoibh Bháin (Teebane), Co. Thír Eoghain agus maraíodh ochtar Protastúnach. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, chuaigh an UDA isteach i siopa leabhar Caitliceach i mBéal Feirste agus dhúnmharaigh siad cúigear sibhialtach.

Caithfear an teip a bhí ann réiteach polaitiúil a aimsiú a lua mar cheann de na cúiseanna ar lean na Trioblóidí ar aghaidh ar feadh tréimhse fhada. Ar dtús, níor oibrigh Comhaontú Sunningdale 1972-1973. Iarracht a bhí sa chomhaontú seo feidhmeannas comhroinnte cumhachta a bhunú. Síníodh an comhaontú ar an 9 Nollaig 1973, ach theip air faoi mhí an Mhárta 1974. Bhí smaoineamh Chomhairle na hÉireann, ina ndéanfadh ionadaithe ón bPoblacht agus ó Thuaisceart Éireann plé ar ábhair imní, ina mhasla d’Aontachtaithe go háirithe, ach dhiúltaigh an tIRA agus Dílseoirí don smaoineamh freisin. Spreag an Comhaontú níos mó foréigin i ndáiríre. I mí an Mhárta 1974, bhuamáil an tIRA an *Grand City Hotel* agus rinne siad gníomhartha foréigneacha eile. Faoin am seo, bhí an tIRA tiomanta d’fheachtas fada foréigin - straitéis a dearadh chun diongbháilteacht na Breataine a ídiú agus straitéis a chuirfeadh fad leis na Trioblóidí. Léirigh Dílseoirí a ndímheas ar an gComhaontú freisin trí eaglaisí Caitliceacha a bhuamáil agus Caitlicigh a fheallmharú.

Dhiúltaigh Aontachtaithe cosúil le Ian Paisley agus James Molyneaux, chomh maith leis an SDLP, do chomhcainteanna ón mbliain 1979 faoi rialtas Coimeádach Margaret Thatcher, cainteanna a mhol Humphrey Adkins a bhí ina MP i Sasana. Chiallaigh an diúltú seo go mbeadh sé fiordheacair teacht ar réiteach polaitiúil. Chuir láimhseáil Thatcher ar ghéarchéim na Stailceanna Ocrais deighilt níos mó idir an dá phobal. Mar thoradh air seo, bhog go leor Náisiúnaithe measartha níos gaire d’idé-eolaíocht Shinn Féin agus an IRA. Faoi rial Thatcher, ní dhearnadh mórán chun cothromas a bhaint amach i dTuaisceart Éireann. Mar sin, bhí Caitlicigh fós ina saoránaigh den dara grád, rud a chiallaigh gur mhó an seans a bhí ann go leanfaí ar aghaidh leis an gcoimhlint

leanúnach. Cé gur measadh go raibh an Comhaontú Angla-Éireannach i 1985 níos rathúla ná Sunningdale, leanadh ar aghaidh le gníomhartha foréigin ar thaobh na nDílseoirí agus taobh na bPoblachtach araon. Mar a luadh, bhí an tIRA ag brath ar an bhforéigean leanúnach fad is a bhí Riail Dhíreach i bhfeidhm. Fiú amháin go dtí 1993, agus an tIRA tiomnaithe d'fheachtas foréigin toisc gur dhiúltaigh rialtas John Mayor dul i mbun cainteanna le Sinn Féin, tá sé ríshoiléir cén fáth ar mhair na Trioblóidí chomh fada.

Tríd is tríd, bhí tréimhse na dTrioblóidí ina tréimhse uafásach i stair oileán na hÉireann. Bhí tionchar marthanach ag an éagothroime, a bhí ag croílár an fhoréigin uafásaigh a tharla le linn na dTrioblóidí, ar mhuintir an réigiúin. Feictear thuas sa mhíniú ar chastacht na coimhlinte, an fáth ar thosaigh na Trioblóidí agus an fáth ar lean siad ar aghaidh chomh fada sin.